



## An Coiste Comhairleach um Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Cruinniú: 7 Iúil 2020

### Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta (AOG) Eanáir go Samhradh 2020

#### 1. Uasdátú ar chur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

- Foilsíodh Imlitreacha 0010/2020 agus 0011/2020 do na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Scéim ag tús 2020 ar fheidhmiú leanúnach na Scéime.
- Eisíodh Imlitir 0012/2020 do na 27 bunscoil nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim chun cuireadh a thabhairt dóibh arís cur isteach ar an Scéim.
- Níor chuir aon bhunscoil sa bhreis isteach ar an Scéim i mbliana. Tá léargas ar na cúiseanna nár chuir scoileanna isteach ar an Scéim ar fáil in **Aguisín 1**. Bailíodh an t-eolas seo ó phríomhoidí le linn chuariteanna comhairleacha na cigireachta ar scoileanna in 2019.
- Is 105 bunscoil agus 29 iar-bhunscoil atá rannpháirteach sa Scéim faoi láthair.
- Foilsíodh Treoir do Scoileanna in Earrach 2020 i leith na gcuairteanna comhairleacha a bhí le tarlú chun tacaíocht a thabhairt do na scoileanna i mbaint amach na gcritéar teanga-bhunaithe don tumoideachas.
- De bharr an chomhthéacs dhúshlánaigh ina bhfuilimid, tá an ócáid fhoghlaim-roinnte do scoileanna a bhí le tarlú in Ollscoil na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair curtha ar athló go dtí 2021.
- Leanfar le cuairteanna comhairleacha na cigireachta ó Mheán Fómhair go Nollaig 2020, de réir Imlitir 0040/2020 a foilsíodh le déanaí, ina leagtar amach socruithe a aithníonn na dúshláin mhóra a bheidh ann le hathoscailt na scoileanna faoi threoir na seirbhíse sláinte poiblí. Cuirfear na cúinsí sláinte agus folláine san áireamh agus tabharfar comhairle maidir le leanúnachas foghlama i bhfeidhmiú an churaclaim agus an tumoideachais.

#### 2. An Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim, atá idir lámha ag an bhForas Taighde ar Oideachas i gcomhar leis an gCigireacht.

- Leanann an AOG agus an fhoireann de chigirí ag obair go dlúth leis an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) chun an plean don Staidéar Taighde agus Meastóireachta a chur i bhfeidhm agus na tuairiscí cás-staidéir ar na scoileanna aonair a thabhairt chun críche.
- Rinneadh cás-staidéar ar 12 bhunscoil agus 7 n-iarbhunscoil le comhthéacsanna éagsúla sochtheangeolaíochta.
- Tá FTO ag leanúint ar aghaidh leis an obair anailíse ar thorthaí taighde na bhfócas ghrúpaí tuismitheoirí agus múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta sna cás-staidéir. Tá obair anailíse ar siúl freisin ar na ceistneoirí a scaipeadh ar scoileanna. Tá sonraí breise faoin obair FTO ar fáil in Aguisín 2.
- Tá sé i gceist go n-eiseofar na 19 tuairiscí cás-staidéir chuig na scoileanna éagsúla go luath sa scoilbhliain nua. Beidh deis ag na scoileanna ansin féin-mhachnamh a dhéanamh agus tuairisc ghairid a scríobh ar na gnéithe is fearr den tumoideachas atá curtha i gcrích acu, na dúshláin is mó atá le sárú agus an tairbhe a bhain na daltaí

as an eispéreas tumoideachais go dtí seo. Ní fhoilseofar na tuairiscí seo ar scoileanna aonair.

- De bharr na gcúinsí eisceachtúla le linn éigeandáil sláinte an Choróinvíris, tá athbhreithniú déanta ar an am líne do ghníomhaíochtaí taighde FTO i scoileanna. I gcomhthéacs athoscailt na scoileanna, caithfear socruithe eile a dhéanamh chun na trialacha atá deartha ag an FTO a reáchtáil chun gnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge agus san luath-litearthacht a mheas. Beidh ceistneoirí do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí á riar ag an FTO le linn na bliana seo chomh maith.
- Tá tús déanta ag an AOG i gcomhar le FTO ar anailís a dhéanamh ar thuairiscí na meastóireachta don tuairisc ilchodach a bheidh á foilsiú.

### **3. Tionscadal Píolótach Ríomh-mhoil**

- Lean cur i bhfeidhm an tionscadail phíolótaigh ríomh-mhoil ar líne ar aghaidh le naonúr scoláire ó chúig iar-bhunscoil Ghaeltachta agus beirt ríomh-mhúinteoirí i ndá iar-bhunscoil Ghaeltachta eile le linn éigeandáil sláinte an Choróinvíris, a bhuíochas sin do na ríomh-mhúinteoirí, na ríomh-mheantóirí, príomhoidí na scoileanna agus an tacaíocht leanúnach a chuir H2 Learning ar fáil.
- Is é cuspóir an tionscadail phíolótaigh seo ná úsáid a bhaint as soláthar fhoghlaim chumaisc ar líne chun cur leis an raon ábhar atá ar fáil trí mheán na Gaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta, ag tosú le cúrsa Fisice na hArdteistiméireachta.
- Tá beirt as an naonúr atá sa rang Ardteistiméireachta Fisice ríomh-mhol (2019-2022) ag críochnú leis an gcúrsa Ardteistiméireachta i 2020.
- Tar éis blasmodúl Fisice a chur ar fáil do scoláirí na hidirbhliana, inar ghlac 28 scoláirí in 8 scoil Ghaeltachta páirt ann, léirigh 15 scoláirí ó 7 scoil spéis a bheith rannpháirteach sa tionscadal ríomh-mhol ó Mheán Fómhair 2020. Tá ríomh-mhúinteoir sa bhreis aitheanta (an tríú ríomh-mhúinteoir) chun an cúrsa Fisice Ardteistiméireachta a chur ar fáil don chóhórt nua seo.
- Chun tionchar an tionscadail phíolótaigh ríomh-Mhoil a mheas, tá meastóireacht neamhspleách seachtrach ar an tionscadal píolótach ríomh-mhoil tosaithe ag an gCigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) ó thuaisceart Éireann, le linn na tréimhse 2020 go 2021. Déanfar meastóireacht ar eispéiris na foghlama, ar rannpháirtíocht na scoláirí agus ar an modheolaíocht teagaisc. Baileofar dearcthaí na scoláirí agus a dtuismitheoirí, na bpríomhoidí, na múinteoirí ríomh-Mhoil agus na ríomh-mheantóirí agus páirtithe eile ata bainteach leis an tionscadal.
- Tabharfaidh torthaí na meastóireachta léargas ar láidreachtaí agus ar bhuntáistí an tionscadail chomh maith le gnéithe atá le forbairt. Beidh na torthaí seo mar bhonn eolais d'fhorbairt an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge ar líne amach anseo.
- Táthar ag súil go gcríochnófar an mheastóireacht eatramhach faoi mhí na Samhna 2020. Leanfaidh an mheastóireacht ar aghaidh go dtí 2021.

### **4. Cláir Oideachais Múinteoirí trí mheán na Gaeilge (B.Oid. trí mheán na Gaeilge: Institiúid Oideachais Marino agus M.Oid. Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta: Coláiste Mhuire Gan Smál)**

- Tionóladh cruinnithe den dá ghrúpa monatóireachta don B.Oid. agus don M.Oid. (clár oideachais múinteoirí trí mheán na Gaeilge), i mí Feabhra, mí Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2020.
- In ainneoin na ndúshlán a bhí ag baint leis an obair, de bharr na paidéime COVID-19, is léir go ndearna an dá institiúid éacht oibre chun socruithe ar leith a dhéanamh do na scrúduithe measúnaithe i gcomhar le hinstitiúidí éagsúla eile.

- Tá na scrúdaithe cinnbhliana agus na scrúduithe breise a bhaineann leis na leibhéal CEFRL don dá chlár oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge eagraithe ag an dá institiúid de réir na gcoinníollacha atá sna conarthaí leis an Roinn Oideachais.
- Is ábhar dóchais é freisin go bhfuil ag éirí go maith leis na feachtais mhargaíochta ó bhliain go bliain chun mic léinn a spreagadh chuig an dá chlár oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge.

#### **An Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO): Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG)**

- Is léir go bhfuil ag éirí go maith freisin ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh leis na hiarrachtaí bolscaireachta atá déanta chun fógraíocht a dhéanamh do chlár na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas (MGO).
- Beidh 31 mac léinn ag tosú i mBliain 1 ar an gclár Máistreachta in 2020, 32 mac léinn i mBliain 2 ar an gclár i 2020/21.
- Ciallaíonn sé sin go mbeidh 63 mhac léinn (idir an dá bhliain) ar an gclár i 2020 - an líon is airde riamh ar an MGO.

#### **5. Leanúnachas Scolaíochta agus Foghlama: *Cúla4 ar Scoil***

- Thug baill ó AOG agus Coláiste Mhuire Gan Smál comhairle agus aiseolas seachtainiúil do TG4 ar an tsraith *Cúla4 ar Scoil* (léirithe ag Fíabín Teo) chun freastal ar pháistí bunscoile atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge, le linn na scoileanna a bheith dúnta, de bharr na srianta a bhaineann le COVID-19.
- Chuir an chomhairle ó na heagraíochtaí eile, lena n-áirítear COGG, Gaeloideachas, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus eagraíochtaí Gaeilge eile go mór le rath an chlár freisin.
- Tacóidh an tsraith nua siamsaíochta *Campaí Cúla4* a bheidh ar siúl le linn an tsamhraidh ar TG4, le cabhair ón Roinn, Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta, go mór leis an méid atá foghlamtha ag páistí ar *Cúla4 ar Scoil*.
- Cuirfear tús leis an gclár arís i mí Mheán Fómhair 2020 mar chlár maidine nó iar-scoile ag brath ar na socruithe a bhainfidh le hath-oscailt na scoileanna.

#### **6. Treoir do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas**

- Tá athbhreithniú déanta ar an dá Threoir don Tumoideachas do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta ag cur san áireamh aon aiseolas a fuarthas. Sna leaganacha nua seo, tá treoir ar leith ar fáil do na boird bhainistíochta chun tacú le cur i bhfeidhm an tumoideachais sna scoileanna.
- Foilseofar leagan Gaeilge agus Béarla den dá Threoir ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais i Samhradh 2020 in áit na dréacht treoracha a foilsíodh in 2018. Seolfar leagan Gaeilge den Treoir chuig na scoileanna Gaeltachta ag tús na scoilbhliana nua.

## Aguisín 1: Scoileanna nach bhfuil sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Tugadh cuairteanna comhairleacha ar gach scoil nach raibh sa Scéim (27 bunscoil agus iar-bhunscoil amháin) i 2019 le comhairle a chur orthu maidir leis an Scéim agus le fáil amach cén fáth nach raibh siad ag iarraidh a bheith rannpháirteach. Tugann an tábla thíos léargas ar na cúiseanna nár chuir isteach ar an Scéim bunaithe ar eolas a bailíodh ó phríomhoidí na scoileanna le linn na gcuairteanna comhairleacha seo:

| <b>Maidir leis na scoileanna nár chuir isteach ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta go dtí seo, is iad seo a leanas na cúiseanna is coitianta a thug príomhoidí</b> |
|--|
| Dúradh gur vótáil formhór an phobail scoile gan páirt a ghlacadh   |
| Líon an-bheag cainteoirí dúchais   |
| Easpa tuisceana ag pobal na scoile - gan dóthain eolais faighte acu  |
| Easpa tuisceana ag tuismitheoirí maidir le tionchar an luath-thumoideachas (gan Béarla) sna naíonáin   |
| Ró-dhúshlánach an tumoideachais a fheidhmiú laistigh de thréimhse ama an Pholasaí  |
| Easpa tacaíochta sa phobal don Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge ag titim sa cheantar   |
| Tuismitheoirí gan Gaeilge  |
| Oideachas trí Bhéarla curtha ar thuismitheoirí   |
| Easpa muiníne i measc na foirme an tumoideachas a fheidhmiú agus an curaclam a chur i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge  |
| Líon ard daltaí le riachtanais speisialta oideachais   |
| Traidisiún bheith ag teagasc trí Bhéarla/athrú cultúir   |
| Teagasc trí Bhéarla sa scoil den chuid is mó   |
| Imní ann/Baol go dtitfeadh líon na ndaltaí   |
| Béarla mar theanga bhreise (EAL)   |
| Líon daltaí le fadhbanna sa chéad teanga   |
| Easpa inniúlachta sa Ghaeilge ag gach oide   |
| Stró an-mhór an tumoideachais a fheidhmiú  |
| Imní faoi chaighdeán an Bhéarla  |
| Imní faoin deacracht a bheadh ag an dalta freastal ar iar-bhunscoil Bhéarla  |

Tionóladh trí chruinniú poiblí (ag eascairt as moladh a rinneadh ag cruinniú den choiste comhairleach) sna ceantair seo a leanas ina bhfuil na scoileanna lonnaithe:

- **Maigh Cuilinn (28/2/19)**
- **Ceantar na Rosann (5/3/19)**
- **Béal an Mhuirthead 7/3/19**

Ba é cuspóir na gcruinnithe seo ná eolas a thabhairt faoi bhuntáistí an tumoideachais agus na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa Scéim. D'éagraigh Údarás na Gaeltachta (na hoifigigh pleanála teanga) i gcomhar leis an An Roinn Cultúir Oidhreacht agus Gaeltachta na cruinnithe seo. De thoradh na n-iarreachtaí seo, tháinig iar-bhunscoil amháin (an iar-bhunscoil deireanach) isteach sa Scéim in 2019. Níor léirigh aon cheann den 27 bunscoil spéis teacht isteach sa Scéim in 2019.

**Aguisín 2:  
An Foras Taighde Ar Oideachas**

**An Staidéar Taighde agus Meastóireachta:  
An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**

**1. Grúpaí Fócais Taighde sna Scoileanna Píolótacha – Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna**

Chuir an FTO grúpaí fócais do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar bun i 12 bhunscoil agus 7 iar-bhunscoil. Deineadh na grúpaí fócais deireanacha ar an 17ú d'Eanáir 2020. Anois, tá an tras-scríobh críochnaithe agus tá anailís cháilíochtúil á dhéanamh. Beidh tuairisc bunaithe ar chuirteanna meastóireachta na gCigirí agus torthaí na ngrúpaí fócais ag dul chuig gach scoil. Tá tuairisc ilchodach bunaithe ar na grúpaí fócais go léir á hullmhú chomh maith.

**2. Ceistneoirí na bPríomhoidí agus na Múinteoirí – Bunscoileanna**

Chomhlánaigh príomhoidí agus múinteoirí i 105 bunscoil ceistneoirí i Mí an Mheithimh agus i Mí Mheán Fómhair 2019. Tá anailís á déanamh ar na ceistneoirí seo anois, ag tarraingt ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla. Tá sé mar aidhm na ceistneoirí seo a dháileadh sna bunscoileanna arís i mí Bealtaine 2021.

**3. Ceistneoirí na bPríomhoidí agus na Múinteoirí – Iar-Bhunscoileanna**

Iarradh ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí sna hiar-bhunscoileanna ceistneoirí ar líne a chomhlánú i mí Bealtaine 2020. Beidh ar an FTO filleadh ar na scoileanna ag deireadh Mhí Lúnasa chun an obair seo a chríochnú, mar nach raibh teacht ar na scoileanna go léir i Mí Bealtaine. Tá sé mar aidhm na ceistneoirí seo a dháileadh arís roimh dheireadh na Scéime.

**4. Trialacha Caighdeánaithe – Bunscoileanna**

Deineadh na trialacha caighdeánaithe seo a phíolótú sna bunscoileanna cás staidéir idir Eanáir agus Márta 2020:

- Rang a hAon – Triail sa Luathlitearthacht (Grúp-thriail)
- Rang a hAon – Triail Labhartha (Triail Aonair)
- Rang a Sé – Triail Éisteachta (Grúp-thriail)
- Rang a Sé – Triail Labhartha (Triail Aonair)

Bhíothas ag súil leis na trialacha seo a chaighdeánú roimh dheireadh Mhí an Mheithimh 2020, ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh toisc na scoileanna a bheith dúnta de bharr na paindéime COVID-19. Tá súil againn go mbeimid in ann na trialacha a chaighdeánú i bhFómhar 2020, nó ar a dhéanaí, in Earrach 2021.

**5. Trialacha Caighdeánaithe – Iar-Bhunscoileanna**

Bhí triail ar líne sa litearthacht le chur i bhfeidhm sa dara bliain sna hiar-bhunscoileanna sa Scéim i mí Bealtaine 2020, ach níorbh fhéidir a leithéid a dhéanamh toisc go raibh na scoileanna dúnta. Ní bheidh teacht ar an triail seo i bhFómhair 2020 toisc go bhfuil an FTO ag athrú ó chóras ar líne amháin go ceann eile. Mar sin, táimid ag súil an triail seo a riar leis an gcóras nua in Earrach 2021.

Cuirfear Triail TEG (an triail labhartha amháin) ar scoláirí sna hiar-bhunscoileanna cás staidéir i Mí na Shamhna, 2020. Is ar líne a bheidh an triail seo á riar.

Baileofar sonraí eile chomh maith chun comhthéacs a chruthú chun na torthaí a thuiscint. Mar sin, iarrfar ar thuismitheoirí agus scoláirí sna scoileanna seo ceistneoirí a chomhlánú i Mí na Samhna, 2020.

## **6. Tuairisciú**

Foilseofar tuairisc leis na torthaí a eascraíonn as codanna 1-3 thuas, i gcomhpháirt leis an Aonad Um Oideachas Gaeltachta agus an Chigireacht, i bhFómhair 2020. Foilseofar torthaí ó chodanna 4-6 i 2021. Ní aithneofar aon scoil faoi leith sna tuairiscí seo.

